An Chéad Nollaig

Tá Íosa Beirthe

Ag an am sin d'ordaigh an tImpire Augustus go mbeadh daonáireamh ar fud Impireacht na Róimhe ar fad. Nuair a tharla an chéad dhaonáireamh ba é Quirinius a bhí ina Ghobharnóir ar an tSír. Bhí ar chuile dhuine é/í féin a chlárú ina bhaile dúchais féin.

D'imigh Iosaef ó bhaile Nazareth sa Ghailíl go Beithil i Judea, an áit a rugadh an Rí Dáiví. Chuaigh Iosaef ansin mar ba de shliocht Dháiví é féin. Chuaigh sé ann chun ainm Mhuire, an bhean a bhí geallta leis a chlarú. Bhí sí ag iompar linbh agus le linn dóibh a bheith ansin bhí sé in am don pháiste teacht ar an saol. Rugadh a céad mhac di, ghléas sí in éadaí linbh é agus leag isteach i máinséar é, de bhrí nach raibh aon lóistín ar fáil i gceachtar de na hóstáin. (Lúc 2: 1-7)

Anois lig ort féin gur tusa Iosaef. Críochnaigh an scéal.

A Chairde,

Is mise Iosaef. Ní dhéanfaidh mé dearmad go deo ar an turas sin ó Nazareth go Beithil.

_____

_____

_____

_____

_____.

Cluineadh ceol

ó chór Ainglí

Na hAoirí agus na hAingil

Bhí roinnt aoirí sa taobh sin tíre, a bhí ag caitheamh na hoíche sna páirceanna ag tabhairt aire dá dtréada. Thaispeáin Aingeal ón Tiarna é féin dóibh faoi ghlóir. Bhí faitíos an domhain orthu ach labhair an t-aingeal leo agus dúirt “Ná bíodh faitíos oraibh! Ta dea scéala agam daoibh, scéala a thabharfaidh sonas agus áthas don domhan ar fad. Inniu i gCathair Dháiví (Beithil), rugadh bhur Slanaitheoir- Críost an Tiarna. Agus feicfidh sibh féin é seo le bhur súile féin: Feicfidh sibh leanbh clúdaithe i bpluideanna agus ina luí i mainséar”.

Go tobann, líonadh an spéir le haingil ag canadh agus ag moladh Dé: Glóir do Dhia sna harda agus síochain ar talamh dóibh siúd a chreiseann ann!”

Nuair a d’imigh na haingil ar ais ar neamh, labhair na haoirí eatarthu féin, “tiocfaimid go Beithil agus feicfimid an rud iontach seo a labhair an Tiarna faoi”

D’imigh siad faoi dheifir agus tháinig siad ar Mhuire agus ar Iósaef agus chonaic siad an leanbh ina luí sa mháinséar. Nuair a chonaic na haoirí é, d’inis siad do Mhuire agus do Iosaef an méid a dúirt na haingil leo faoin leanbh seo. Bhí iontas an domhain ar chuile dhuine a chuala scéal na n-aingeal. Smaoinigh Muire ar an méid a dúirt siad agus choinnigh sí ina cuimhne é. D’fhill na haoirí ar ais abhaile agus thug moladh do Dhia as an méid a chonaic siad agus a chuala siad; bhí sidíreach mar a dúirt na haingil leo. (Lúc 2:8-20)

Anois lig ort féin gur tusa duine de na haoirí sin. Críochnaigh an gearrscéal seo.

A Chairde. Is mise Jacob

D’ionsaigh mictíre ár gcaoirigh níos túisce agus bhíomar ag faire amach ar na sléibhte timpeall Bheithil lena chinntiú nach d’tiocfaidís ar ais chun iad a ionsaí arís. Go tobann...

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____.

Cuairteoirí ón Oirthear

Go gairid ina dhiaidh sin, tháinig fir a rinne staidéar ar na réalta ón Oirthear go Iarúsailéim agus d'fhiafraigh, "Cá bhfuil an leanbh, a bheidh ina Rí ar na Giúdaigh? Chonaic muid a réalta san oirthear agus táimid tagtha chun é a adhradh"

Nuair a chuala an Rí Herod faoi seo, chuir sé as go mór dó maraon le chuile dhuine eile i Iarúsailéim. Thionóil sé cruinniú do na hard sagairt agus saoithe an Dlí agus d'fhiafraigh dóibh "Cén áit a rugadh an Messiah?"

"I mBeithil, i dtír Judea" a d'fhreagair siad. Mar is mar seo a scríobh an fáidh: "A Bheithil, i dtír Judah, níl do thábhacht pioc níos lú ná na príomh chathracha eile i Judah".

Ar a mbealach ón Oirthear, chonaic na fir an réalta céanna arís. Bhí ríméad an domhain orthu! Thaisteal an réalta rompu nó gur stop sé os cionn na háite ina raibh an leanbh. Chuaigh siad isteach sa teach agus nuair a chonaic siad an leanbh agus a mháthair Muire, chuaigh siad ar a nglúine agus thug adhradh dó. Thóg siad amach a gcuid bronntanais ór, túis agus mior agus bhronn air iad. (Maitiú 2:1-10)

Is tusa Casper agus is duine de na saoithe tú. Léigh an píosa seo agus críochnaigh an scéal.

A Chairde,
Is mise Casper.

Bhí Melchior, Balthasar agus mé féin ag féachaint ar na réalta oíche amháin nuair a thug muid faoi deara go raibh réalta nuaag lonnradh sa spéir a bhí níos gile ná na réalta eile ar fad. An rud ba mhó a chuir ionadh orthu ná gur thosaigh an réalta ag bogadh trasna na spéire. "Seo ár seans, fág seo" a dúirt mé agus shocraigh muid aghaidh a thabhairt ar an iarthar.

_____
_____
_____
_____
_____
_____
_____.

Léigh an scéal faoina dturas abhaile. Féach Maitiú: Caibidil 2:1-13 nó Lúc 2: 39-52